

An Beartas maidir le Fáil ar agus Úsáid Inghlactha Fón Póca d'Úsáideoirí Phlean Gnó B00

V1.15 Meán Fómhair 2023

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid: PL/016	Leagan Uimh.: V1.15 Meán Fómhair 2023
Leaganacha roimhe seo: V1.14 Iúil 2023	Le hÉifeacht ó: Meán Fómhair 2023
Ceadaithe/Luaite ag an mBord Meán Fómhair 2023	Dáta Athbheithnithe: 14/07/2023

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaite ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbhreithnithe:	24/07/2019

Clár na nÁbhar

1	Scóip.....	4
2	Caighdeán Theicniúla TFC.....	5
3	Freagrachtaí an úsáideora.....	6
4	Gníomhartha Coiscthe Úsáideoirí.....	7
5	Rialacháin agus Treoirínte Ginearálta maidir le hÚsáid Gléasanna	8
5.1	Úsáid	8
5.2	Freagracht.....	8
5.3	Cúirtéis.....	8
5.4	Fóin Phóca a úsáid agus tú ag tiomáint	8
5.5	Glórphost.....	8
5.6	Reachtaíocht.....	9
5.7	Cineálacha Fón Póca.....	9
5.8	Úinéireacht Bogearraí.....	10
5.9	Freagrachtaí an Bhainisteora Líne.....	10
5.10	Leithdháileadh Fón Póca	10
5.11	Billeáil/Liúntas.....	11
5.12	Táillí Glaonna	11
5.13	Conradh a Fhoirceannadh	12
5.14	Slándáil	12
5.15	Fánaíocht	12
5.16	Rochtain ar tháillí BOOÁC DL.....	12
5.17	Sáruithe ar Bheartas.....	12
5.18	Beir Leat Do Ghléas Féin (BYOD).....	12
AGUISÍN A	Sainmhínte a úsáidtear ar fud na mbeartas atá liostaithe	14
AGUISÍN B	Reachtanna ábhartha	16
AGUISÍN C	Foirm Iarratais le hAghaidh Fón Póca d'Úsáideoir Gnó.....	18
AGUISÍN D	Glacadh le Plean Gnó i ndáil le Fón Póca (le Sás Láimhe)	19
AGUISÍN E	Glacadh le Plean Gnó i ndáil le Fón Póca (gan Sás Láimhe).....	20

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaithe ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbhreithnithe:	24/07/2019

1 Scóip

Ní mór do bhaill foirne BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) a bhfuil leas á bhaint acu as Plean Gnó BOOÁCDL i ndáil le Fóin Phóca cloí leis an mbeartas seo. Is úsáideoirí móibíleacha gnó iad úsáideoirí a fhaigheann fón póca gnó nó liúntas. Bítear ag súil go n-úsáidfídh baill foirne gnáthchiall agus go n-íompróidh siad iad féin ar bhealach a oireann do chomhlíonadh a gcuid dualgas san ionad oibre.

Ba cheart an beartas seo a léamh i gcomhar le beartais eile de chuid BOOÁCDL atá i bhfeidhm cheana féin.

Tá na beartais sin ar fáil ar shuíomh gréasáin BOOÁCDL.

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaite ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbheithnithe:	24/07/2019

2 Caighdeáin Theicniúla TFC

- Ní féidir rochtain a fháil ar shonraí BOOÁCDL ach amháin agus úsáid á bhaint as caighdeáin chumarsáide chriptithe
- Tá Fíordheimhniú Ilfhachtóra (MFA) ag teastáil chun rochtain a fháil ar Shonraí uile BOOÁCDL
- Chun rochtain a fháil ar Shonraí uile BOOÁCDL, ní mór clárú le haghaidh réiteach bainistíochta gléasanna BOOÁCDL
- Ní cheadaítear rochtain a fháil ar shonraí BOOÁCDL agus na sonraí sin a stóráil ach amháin trí fheidhmchláir agus meáin atá ceadaithe a úsáid
- D'fhéadfadh rochtain ar shonraí BOOÁCDL a bheith teoranta bunaithe ar shuíomh geografach agus d'fhéadfadh go mbeadh cead roimh ré ag teastáil ó Roinn Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide BOOÁCDL, dá ngairtear, le chéile, an Roinn TFC anseo feasta.
- D'fhéadfadh stóráil sonraí BOOÁCDL chuig gléasanna BOOÁCDL áitiúla a bheith teoranta, ag brath ar chumas gléis agus/nó riachtanais slándála. Ní mór sonraí BOOÁCDL a shábháil ar fhriothálaithe BOOÁCDL nó ar bhonneagar scamail BOOÁCDL.
- Nuair is féidir, féadfar gnéithe slándála breise a bhaineann le feidhmchláir BOOÁCDL a thabhairt isteach nuair is cuí
- Nuair is cuí, féadfaidh an Roinn TFC a ceart chun sonraí BOOÁCDL a ghlanadh ó ghléas BOOÁCDL a fheidhmiú má tharlaíonn aon cheann de na nithe seo a leanas:
 - Cailtear nó goidtear an gléas;
 - Éiríonn an fostaí as a p(h)ost
 - Téann an fostaí ar scor
 - Cinntear gurb é an gléas foinse sáraithe i ndáil le sonraí nó le beartas, nó aithnítear go bhfuil an gléas ionfhabhtaithe le víreas nó le bogearraí mailíseacha is cúis le bagairt ar Shonraí BOOÁCDL / ar shlándáil bhonneagair TFC;
- Soláthróidh an Roinn TFC comhairle sa chás go mbíonn gá le nascacht mhóibíleach do Chórais Bainistíochta Foirgnimh, aláirim, ardaitheoirí etc.
- Ó am go chéile, eiseoidh an Roinn TFC treoirínte mionsonraithe teicniúla nuair is cuí
 - Eisíodh an Comhaontú um Threalamh a fháil ar lasacht maidir le soláthar gléasanna BOOÁCDL

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaite ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbheithnithe:	24/07/2019

3 Freagrachtaí an úsáideora

- Nuair a bhíonn gléas BOOÁCDL á úsáid lasmuigh de scoil, coláiste, ionad nó Seirbhís FET, níor cheart é a fhágáil gan duine ina bhun, agus, más féidir, ba cheart é a chur faoi ghlas go fisiciúil;
- Agus gléas BOOÁCDL a úsáid in áiteanna poiblí chun rochtain a fháil ar shonraí BOOÁCDL, ní mór don Úsáideoir a chinntiú nach féidir le daoine neamhúdraithe na sonraí sin a léamh;
- Ní mór paistí agus nuashonraithe a shuiteáil go rialta ar ghléas BOOÁCDL;
- Tá UAP / Pasfhocal / Fíordheimhniú ag teastáil ar gach gléas BOOÁCDL chun rochtain a fháil ar Shonraí BOOÁCDL / chun Sonraí BOOÁCDL a tharchur. Ní mór gach gléas BOOÁCDL a shocrú le go gcuirtear faoi ghlas go huathoibríoch é agus go bhfuil gá le UAP / Pasfhocal / Fíordheimhniú chun é a dhíghlasáil mura n-úsáidtear é ar feadh deich nóiméad
- Bítear ag súil le go n-úsáidfidh úsáideoirí a ngléas BOOÁCDL ar bhealach eiticíúil i gcónaí agus go gcloífidh siad le beartais BOOÁCDL i gcónaí
- Ní mór aon ghníomhaíocht amhrasach a thuairisciú go tapa don Roinn TFC
- Ní cheadaítear sonraí BOOÁCDL a thraschur ach amháin chuig gléas BOOÁCDL
- Ní mór d'úsáideoirí an Roinn TFC a chur ar an eolas sula bhfaighfear réidh le haon ghléas BOOÁCDL, sula ndíolfar aon ghléas BOOÁCDL, nó sula dtabharfar gléas BOOÁCDL go tríd páirtí le haghaidh cothabhála nó seirbhíse;
- Ní mór d'úsáideoirí a chinntiú go mbaintear Sonraí BOOÁCDL go léir ó ghléas BOOÁCDL sula bhfaighfear réidh leis, sula ndíolfar é nó sula dtabharfar go tríd páirtí é le haghaidh cothabhála nó seirbhíse.
- Ní mór d'úsáideoirí a bheith aireach ar oibleagáidí BOOÁCDL agus iad ag clárú le haghaidh seirbhísí nó feidhmchlár, ach gan a bheith teoranta do shlándáil, do chosaint sonraí agus do sholáthar sonraí
- Maidir le gléasanna móibíleacha a sholáthraíonn BOOÁCDL, ní mór duit gach doiciméad a bhaineann leis an trealamh a chosaint agus é a stóráil in áit shábháilte. (Is cuid den fhardal trealaimh iad na doiciméid agus ní mór iad a scaoileadh leis an aonad chun conarthaí a fhoirceannadh, trealamh a uasghrádú etc.).

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaite ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbheithnithe:	24/07/2019

- Má chailítear nó má ghoidtear gléas, ba cheart don úsáideoir dul i dteagmháil leis an Roinn TFC. Ní mór an cailteanas a thuairisciú freisin don Oifigeach Cosanta Sonraí ag dataprotection@ddletb.ie.

4 Gníomhartha Coiscthe Úsáideoirí

Ní cheadaítear d'úsáideoirí Sonraí BOOÁCDL a íoslódáil chuig stóras gléis áitiúla, nó aon rud a uaslódáil chuig réitigh stórála scamail 3ú páirtí neamhúdaraithe.

Ní cheadaítear rochtain a fháil ar Shonraí BOOÁCDL más fíor aon cheann de na nithe seo a leanas;

- Roinntear an gléas le duine eile
- Cuireadh as an ngléas d'aon ghnó, e.g. gléas fréamhaithe (Android) nó gléas a rinneadh sárú srianta air (iOS);
- Faightear rochtain ar ábhair mhídhleathacha nó aindleathacha nó stóráiltear iad ar an ngléas;
- Baintear nó baineadh úsáid as feidhmchláir bhogearraí neamhcheadúnaithe / as feidhmchláir bhogearraí a rinneadh mionathrú orthu go mídhleathach;
- Tá nasc le líonra Wi-Fi anaithnid á úsáid. (ach amháin nuair a leantar treoir beartais foirne maidir le Cianrochtain)
- Anuas air sin;
- Ní cheadaítear d'úsáideoirí cuntas BOOÁCDL Microsoft 365 a úsáid agus iad ag clárú le haghaidh feidhmchlár pearsanta, seirbhísí nó síntiús
- Ní cheadaítear d'úsáideoirí faisnéis aitheantais BOOÁCDL Microsoft 365 a úsáid le haghaidh feidhmchlár pearsanta, seirbhísí nó síntiús
- Ní cheadaítear d'úsáideoirí ríomhphoist a chur ar aghaidh (go huathoibríoch nó eile) chuig córais ríomhphoist nach córais ríomhphoist BOOÁCDL iad
- Ní cheadaítear d'úsáideoirí sonraí BOOÁCDL a shioncronú le Microsoft, Google, Apple, Adobe nó le córais stórála ríomhphoist/sonraí neamhcheadaithe eile dá leithéid
- Ní cheadaítear d'úsáideoirí seoltaí ríomhphoist pearsanta, Apple ID nó modhanna neamhcheadaithe eile dá leithéid a úsáid chun logáil isteach i ngléasanna, feidhmchláir nó córais scamail BOOÁCDL.
- Ní cheadaítear d'úsáideoirí seoltaí ríomhphoist pearsanta a úsáid le haghaidh gnó BOOÁCDL

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaite ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbheithnithe:	24/07/2019

5 Rialacháin agus Treoirínte Ginearálta maidir le hÚsáid Gléasanna

5.1 Úsáid

Tá rochtain ar phlean gnó i ndáil le fóin phóca beartaithe chun críocha BOO amháin lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do ghlaonna, téacsanna, cumarsáid trí aipeanna. Cé nach bhfuil cosc dian ar ghlaonna pearsanta a dhéanamh agus a ghlacadh, moltar don fhoireann é seo a choinneáil chomh híseal agus is féidir le linn uaireanta oibre. Forchoimeádann BOOÁCDL an ceart chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid an phlean gnó i ndáil le fóin phóca.

5.2 Freagracht

Ba cheart go mbeadh úsáid an phlean gnó i ndáil le fón póca in ann grinnschrúdú poiblí agus/nó nochtadh poiblí a sheasamh. Níor cheart go n-úsáidfeadh baill foirne a bhfóin phóca ar bhealach a d'fhéadfadh daoine aonair, an BOO nó eagraíochtaí a chlúmhilleadh, a chiapadh, a mhaslú, a chiontú nó ar bhealach a d'fhéadfadh bulaíocht a dhéanamh orthu nó olc a chur orthu.

Forchoimeádann BOOÁCDL an ceart chun iniúchadh a dhéanamh ar aon úsáid fón póca atá maoinithe ag an BOO. D'fhéadfadh go n-iarrfar ar an bhfoireann míniú a thabhairt ar an úsáid a bhaineann siad as an bplean gnó i ndáil le fóin phóca atá á mhaoiniú ag an BOO. Ní cheadaítear íomhánna/pictiúir a thaifeadh ar fhóin phóca le linn uaireanta oibre ach amháin más chuid de do chuid dualgas é.

5.3 Cúirtéis

Mar ábhar cúirtéise gairmiúla, molaimid d'úsáideoirí fón póca a bhfón a mhúchadh nó é a atreorú chuig glórphost nó uimhir eile, nó an fón a shocrú i "modh ciúin" le linn cruinnithe, cúrsaí oiliúna, seimineáir etc. I gcúinsí eisceachtúla, i gcás inar gá glaoh gnó a ghlacadh, tá sé béasach a chur in iúl do chomhghleacaithe go bhfuiltear ag súil le glao práinneach, agus bearta a dhéanamh ansin chun tionchar an ghlaoh a íoslaghdú.

5.4 Fóin Phóca a úsáid agus tú ag tiomáint

Tá sé mídhleathach fón póca a bheith i do lámh agat nó é a úsáid agus tú ag tiomáint. Ní ghlacann BOOÁCDL le dliteanas dlíthiúil as aon phionós a thabhaíonn baill foirne a sháraíonn an dlí maidir le húsáid fón póca. Moltar d'úsáideoirí feachtais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) ar fhóin phóca agus ar ábhair sheachráin a léamh

5.5 Glórphost

Ba cheart go mbeadh Glórphost pearsanta agat leis an teachtaireacht seo a leanas:-

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaite ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbhreithnithe:	24/07/2019

“Dia duit - is é seo glórphost BOOÁCDL (d’ainm), ní féidir liom do ghlaio a ghlacadh faoi láthair ach má fhágann tú d’ainm agus d’uimhir agus teachtaireacht ghairid, rachaidh mé i dteagmháil leat chomh luath agus is féidir liom. Go raibh maith agat.”

5.6 *Reachtaíocht*

Tá an fhoireann faoi réir gach reachtaíochta a rialaíonn an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht chumarsáide an BOO. Ní cheadaítear don fhoireann ábhar a stóráil, a íoslódáil, a uaslódáil, a scaipeadh nó a dháileadh ar bhealach eile ina bhfuil:

- Aon trácht maolaitheach maidir le hinscne, stádas ábhartha, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creideamh nó tuairim pholaitíochta, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den lucht siúil nó catagóirí eile de bhun an dlí is infheidhme.
- Ábhar ar bith de chineál pornagrafach.
- Ábhar ar bith de chineál péidifilia.
- Ábhar ina bhfuil teanga mhaslach nó drochtheanga.
- Ábhar ar bith a dtóir misctear leis an dlí.

Má fhaigheann ball foirne aon teachtaireachtaí maslacha, gránna, ciapadh nó bagrach ba chóir dó/di:

- É a chur faoi bhráid a b(h)ainisteora líne, an Cheannasaí AD nó an Cheannasaí TFC;
- A chur in iúl don seoltóir go bhfuil íomhánna dá leithéid maslach agus nár cheart dó/di íomhánna den sórt sin a sheoladh amach anseo; agus

5.7 *Cineálacha Fón Póca*

Ní mór gach gléas fón póca BOOÁCDL agus an trealamh lena mbaineann a cheannach ar aon dul le conarthaí soláthair BOOÁCDL. Is féidir sonraí teagmhála do gach soláthraí seirbhíse plean gnó i ndáil le fóin phóca atá faoi chonradh faoi láthair a fháil ón Roinn TFC, Ceannoifig BOOÁCDL, Geata Thuain, Baile Átha Cliath 24.

Ní cheadófar nasc le líonra BOOÁCDL ach amháin do ghléasanna fón póca a ceannaíodh de réir chonarthaí soláthair trí bhealaí faofa na Roinne TFC.

Is leis an BOOÁCDL gach gléas fón póca, an trealamh lena mbaineann agus na huimhreacha fón póca ar fad agus ní athrófar é sin.

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaite ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbhreithnithe:	24/07/2019

5.8 Úinéireacht Bogearraí

Tá na bogearraí go léir a chuireann BOOÁCDL ar fáil d'úsáideoir ceadúnaithe agus faoi úinéireacht an BOOÁCDL agus ní féidir le fostaí ar bith de chuid BOOÁCDL iad a íoslódáil, a stóráil in aon áit eile ná iad a aistriú chuig duine eile.

Níor cheart i gcás ar bith bogearraí a íoslódáil ón Idirlíon ná a shuiteáil ó fhoinse ar bith eile agus a úsáid ar ghléasanna an BOOÁCDL gan cead a fháil roimh ré ón Roinn TFC. D'fhéadfadh gníomh araíonachta a bheith mar thoradh ar aon sárú ar na ceanglais seo.

5.9 Freagrachtaí an Bhainisteora Líne

Ní mór don Bhainisteoir Líne

- A chinntiú nach dtugtar pleananna gnó BOO i ndáil le fóin phóca ach amháin do bhaill foirne a dteastaíonn fón póca uathu ar chúiseanna gnó.
- A chinntiú nach n-úsáideann an fhoireann dá leithdháiltear é ach an trealamh atá ceadaithe ag an Roinn TFC.
- A chinntiú go gcoimeádtar taifid maidir le fóin phóca cothrom le dáta i.e. úsáideoir reatha agus ionad costais, clár sócmhainní etc.

5.10 Leithdháileadh Fón Póca

5.10.1 Ní thugtar fóin phóca do bhaill foirne ach amháin ar bhonn "riachtanais Ghnó."

Is mar seo a leanas a shainmhínítear riachtanas gnó:

- Baill foirne a bhfuil sé mar chuid dá bpost uaireanta suntasacha oibre a chaitheamh ag taisteal óna bpríomhionad oibre; agus
- Baill foirne a bhfuil comhaontú acu lena mbainisteoir nach mór a bheith in ann teagmháil a dhéanamh leo ag am ar bith.
- Baill foirne a gceanglaítear orthu go mbeifear in ann teagmháil a dhéanamh leo lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre, amhail bainistíocht shinsearach agus iad siúd atá freagrach as slándáil ar láithreáin, nó na fostaíthe sin ar gá dóibh beart a dhéanamh i gcás éigeandála.
- Agus aon chúis eile a mheastar a bheith cuí ó am go ham.

5.10.2 Maidir le haon iarratais atá le cur san áireamh i bPlean Gnó BOO i ndáil le Fóin Phóca tríd an mbeartas seo, ní mór do bhaill foirne foirm iarratais oifigiúil le haghaidh fón póca agus gléis móideim iniompartha d'úsáideoirí gnó de chuid an BOO a chomhlánú agus ní mór an fhoirm seo a bheith sínithe ag a mbainisteoir líne. Ba chóir an fhoirm iarratais chomhlánaithe a chur isteach ansin chuig an gCeann AD.

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaite ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbheithnithe:	24/07/2019

5.10.3 Déanfaidh Ceann na Seirbhísí Eagraíochtúla agus AD measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cibé an gá fón póca úsáideora gnó a bheith ag fostaí chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh agus, má cheadaítear é,
- an cineál fón póca agus/nó móideim iniompartha más gá.

5.10.4 I gcás go gceadaítear Acmhainní Daonna, rachaidh TFC i dteagmháil lenár soláthraí seirbhíse chun a heagrú go socrófar cuntas úsáideora gnó in ainm an bhaill foirne. Cuirfidh TFC mionsonraí an tseachadta nó an bhailiúcháin in iúl don bhall foirne.

5.10.5 Tá conradh BOOÁCDL leis an soláthraí móibíleach ann chun an socrú seo a éascú.

5.10.6 Is idir an ball foirne agus an soláthraí seirbhíse a bheidh an conradh fón póca. Ní páirtí sa chonradh seo é BOOÁCDL.

5.11 Billeáil/Liúntas

Íocfar liúntas gach mí leis an mball foirne a bheidh cothrom le méid na muirear ar ráta comhréidh. (a dhéanann BOOÁCDL a phlé leis an soláthraí seirbhíse).

- Íocfaidh an ball foirne méid iomlán an bhille leis an soláthraí seirbhíse. I gcás nach bhfuil aon ghlaonna lasmuigh de raon feidhme na tairisceana leis an soláthraí, beidh méid na híocaíochta seo cothrom le méid an liúntais thuas. Má tá cás ann ina n-éilítear ar an duine aonair íoc as glao a bhaineann lena c(h)uid oibre i.e. i gcás ina ndéantar glao faoi shaincheist a bhaineann leis an obair nach meastar é a bheith laistigh den mhuirear ar ráta comhréidh, déanfaidh an ball foirne an méid sin a éileamh ar ais trí Sun System.
- Is é an ball foirne a íocfaidh na billí agus déanfar táillí a bhaineann le hobair a fhorchúiteamh ón BOO trí Sun System.

5.12 Táillí Glaonna

Beidh na gnáthghlaonna agus gnáth-théacsanna go léir a dhéantar agus a fhaightear laistigh de Phoblacht na hÉireann saor in aisce (lena n-áirítear an ráta atá i réim). Déanfar gach glao gnó a aisíoc trí Sun System. Ní dhéanfar aon ghlaonna agus téacsanna as an ngnáth, i.e. Glaonna nó téacsanna ardráta (glaonna aistrithe 11811, nó

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaite ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbheithnithe:	24/07/2019

glaonna ar uimhreacha 1530, 1550 etc.) a aisíoc trí Sun System toisc go bhfuil an t-úsáideoir féin faoi dhliteanas íoc as costais na nglaonna sin.

5.13 Conradh a Fhoirceannadh

Nuair a thagann deireadh le fostaíocht an bhaill foirne leis an BOO, caithfidh sé/sí aon ghléas a sholáthraíonn BOOÁCDL a thabhairt ar ais chuig TFC. Ní mór don bhall foirne é sin a chur in iúl don soláthraí seirbhíse. Ní mór cead a iarraidh ón Roinn TFC chun an uimhir a choinneáil.

5.14 Slándáil

Chun a chinntiú go gcomhlíontar BOOÁCDL cosaint sonraí agus slándáil sonraí, ní cheadaítear ach d'úsáideoirí údaraithe gnó BOOÁCDL rochtain a bheith acu ar ríomhphost oibre ar shásanna láimhe móibíleacha BOOÁCDL.

5.15 Fánaíocht

Má chuimsítear é, beidh an costas le híoc ag an duine aonair sin mura glaoch gnó é ar cheart a éileamh ar Sun System. Ba cheart d'úsáideoirí a thabhairt faoi deara go laghdaítear liúntais sonraí le linn fánaíochta i gcomparáid leis an liúntas caighdeánach.

5.16 Rochtain ar tháillí BOOÁCDL

Mura fostaí de chuid BOOÁCDL é fostaí a thuilleadh, (tagann an conradh fostaíochta chun críche, éiríonn an fostaí as nó téann sé/sí ar scor) cuirfear deireadh le rochtain ar tháillí BOOÁCDL agus rachaidh an ball foirne ar ais chuig na gnáth-tharaifí tomhaltóra leis an soláthraí seirbhíse.

5.17 Sáruithe ar Bheartas

Mura gcloítear leis an mbeartas agus leis na treoirínte thuas d'fhéadfadh go mbeadh na nithe seo a leanas mar thoradh air:

- Rochtain ar ghléasanna agus ar chórais BOOÁCDL a tharraingt siar ón úsáideoir/na húsáideoirí lena mbaineann
- Tús a chur le nósanna imeachta araíonachta agus gníomh araíonachta, suas go dtí dífhostú, agus dífhostú san áireamh.
- D'fhéadfadh imeachtaí coiriúla nó sibhialta a bheith mar thoradh ar sháruithe tromchúiseacha ar an mbeartas.

5.18 Beir Leat Do Ghléas Féin (BYOD)

Ní cheadaítear BYOD laistigh den BOOÁCDL.

Áirítear le gléasanna BYOD na nithe seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh:

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaite ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbhreithnithe:	24/07/2019

- Ríomhairí glúine
- Ríomhairí deisce
- Fóin Chliste
- Táibléid
- Méaróga USB
- Ceamaraí digiteacha
- Gléas ar bith atá in ann nascadh le bonneagar BOOÁC DL.

Ar mhaithe le soiléireacht, ní mheastar gur gléas BYOD é gléas atá faoi úinéireacht tuismitheora/caomhnóra, arna bhainistiú ag córas Bainistíochta Gléasanna BOOÁC DL i ndáil le Fón Póca dtimpeallacht 1:1.

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaite ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbhreithnithe:	24/07/2019

AGUISÍN A Sainmhínithe a úsáidtear ar fud na mbeartas atá liostaithe

- **Sonraí BOOÁCDL** – Ciallaíonn an téarma sonraí BOOÁCDL na **sonraí** go léir a choimeádtar lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, sonraí a bhaineann lena airgeadas, cánacha, fostaithe, custaiméirí, mic léinn, soláthraithe agus an gnó;
- **Sonraí** - Tagraíonn an téarma sonraí d'fhaisnéis lena n-áirítear faisnéis a stóráiltear nó a tharchuirtear i bhformáid leictreonach;
- **Gléas**- Tagraíonn an téarma gléas d'aon ríomhaire deisce, ríomhaire glúine, táibléad nó cruu-earraí dá samhail a úsáidtear chun nascadh le bonneagar TFC BOOÁCDL
- **Réiteach Bainistíochta Gléasanna** - is cineál teicneolaíochta bainistíochta nó slándála é a chuireann ar chumas riarthóirí TF monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar ghléasanna BOOÁCDL a ritheann thar córais oibriúcháin éagsúla chomh maith le hiad a dhaingniú;
- **Criptiú** – an próiseas chun faisnéis a thiontú ionad nach féidir le daoine neamhúdaraithé í a léamh;
- **Faisnéis** - Tagraíonn an téarma faisnéis d'eolas a d'fhéadfaí a stóráil i bhfoirm ar bith, cibé acu i bhfoirm chlóite nó i bhfoirm leictreonach;
- **MFA** – Is próiseas é Fíordheimhniú Ilfhachtóra ina ndéantar céannacht úsáideora a fhíorú a thuilleadh trí ghlaio gutháin, feidhmchlár fíordheimhniútheora, siogairlín nó cód slán a sheoltar trí ríomhphost, SMS nó aon mhodhanna eile tánaisteacha chun céannacht úsáideora a fhíorú;
- **ní mór** – tagraíonn ní mór do ghníomh atá ina riachtanas iomlán de chuid na mbeartas;
- **Próiseáil** – ciallaíonn próiseáil aon oibríocht nó sraith oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar thacair sonraí pearsanta, cibé acu trí mhodhanna uathoibríocha, amhail bailiú, taifeadadh, eagraíocht, struchtúrú, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, comhairle, úsáid, nochtadh trí tharchur, scaipeadh nó sonraí a chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó meascadh, teaghlaim, srianadh, glanadh nó scríosadh;
- **ba cheart** – tagraíonn ba cheart do ghníomh ar cheart a chur i bhfeidhm. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh cúis bhailí a bheith ann neamhaird a dhéanamh ar mhír ar leith. Sa chás seo, ní mór don bhainistíocht chúil na himpleachtaí iomlána a thuiscint, a mheá, a dhoiciméadú agus a fhaomhadh go cúramach sula roghnaítear bealach difriúil;

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaite ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbhreithnithe:	24/07/2019

- **Sonraí Íogaire** – Na sonraí go léir atá aicmithe mar sonraí íogaire nó faoi phribhléid ó thaobh tráchtála de, nó sonraí sa Chatagóir Speisialta arna sainmhíniú ag an RGSC sa chaoi is gur sonraí pearsanta iad a thaispeánann bunús ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creidiúintí reiligiúnacha agus fealsúnacha, nó ballraíocht cheardchumainn, agus cuirfear cosc ar aon phróiseáil ar sonraí géiniteacha, ar sonraí bithmhéadracha chun críocha duine nádúrtha a shainaithint, ar sonraí maidir le sláinte nó sonraí maidir le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine nádúrtha;
- **Sonraí pearsanta** – Ciallaíonn sonraí pearsanta, mar a shainmhíníonn RGCS, aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó inaitheanta ('duine is ábhar do na sonraí'); is duine inaitheanta é duine ar féidir a aithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó fachtóir amháin nó níos mó a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiciúil, fhiseolaíochta, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin;
- **Bonneagar Teicneolaíochta** – Gach teicneolaíocht ríomhaireachta, nascachta agus scamail-óstáilte faoi úinéireacht nó faoi bhainistiú BOOÁCDL agus a thríú páirtithe atá i gconradh leis;
- **Úsáideoir** – tagraíonn úsáideoir d'fhostóir, bíodh sé/sí ina f(h)ostaí lánaimseartha nó páirtaimseartha, ina c(h)onraitheoir intéirneach, ina c(h)omhpháirtí, c(h)omhairleoir, ina d(h)uine seachtrach nó ina (h)eagraíocht sheachtrach, agus clúdaítear leis foghlaiméir nó mac léinn freisin. Tuilleadh:
 - Úsáideoir Inmheánach – tagraíonn úsáideoir inmheánach do bhall foirne lánaimseartha nó páirtaimseartha, intéirneach, foghlaiméir, mac léinn, tuismitheoir/caomhnóir foghlaiméora nó mic léinn faoi ocht mbliana déag d'aois;
 - Úsáideoir Seachtrach – clúdaítear le húsáideoir seachtrach conraitheoirí, comhpháirtithe agus / nó comhairleoirí, daoine aonair agus eagraíochtaí seachtracha.
- **Cianrochtain** - tagraíonn cianrochtain d'úsáid agus riarachán na timpeallachta cianoibre a úsáideann BOOÁCDL chun próiseáil Sonraí BOOÁCDL ag fostaithe a éascú.

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaite ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbhreithnithe:	24/07/2019

AGUISÍN B Reachtanna ábhartha

Tá oibleagáid ar BOOÁCDL cloí leis na ceanglais ábhartha dlí agus rialála maidir le taifid airgeadais, sonraí pearsanta custaiméirí agus eagraíochta etc.

Áirítear le reachtaíocht ábhartha in Éirinn, ach níl sí teoranta dóibh:

- Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018

Tá roinnt riachtanas reachtaíochta ag BOOÁCDL maidir le próiseáil sonraí pearsanta. Áirítear leis seo bailiú, úsáid, coinneáil, slándáil sonraí pearsanta ó rochtain neamhúdaraíthe, nochtadh, scriosadh nó cailteanas de thaisme, agus an ceanglas chun Iarratais Cirt Ábhar an Duine is Ábhar do na Sonraí a chomhlíonadh. Tugann reachtaíocht maidir le príobháideacht srianta freisin ar an bpríobháideacht a shanntar do dhaoine aonair agus leibhéal na sonraí úsáideora ar féidir monatóireacht a dhéanamh orthu laistigh de BOOÁCDL

- Na hAchtanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair

- An tAcht Cópchirt agus Ceart Gaolmhar

Is cion é bogearraí nó doiciméid atá faoi chóipcheart a chóipeáil. Tá beartas ag BOOÁCDL nach n-úsáidtear ach meáin cheadúnaithe laistigh den eagraíocht.

- An tAcht um Dhamáiste Coiriúil 1991 agus an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001

Is cion é aon damáiste a dhéanamh do shonraí nó do bhonneagar TFC nó bagairt a dhéanamh air sin. Féadfaidh aon iarracht ar rochtain a fháil ar shonraí nó ar dhamáiste a dhéanamh ar shonraí nó ar threalamh nár deonaíodh rochtain foirmiúil d'úsáideoir orthu a bheith ina sárú ar an Acht seo, agus dá bhrí sin is cion inchúisithe í.

- An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998 go 2004

Má fheiceann nó má fhaigheann úsáideoir aon íomhá/íomhánna nó meáin (pictiúr, grafaic, leabhrán clóstéip, físeán etc.) ina léirítear leanbh i mbun gnímh gnéis gháirsiúil nó ag féachaint ar ghníomh gnéis gháirsiúil, ní mór é a thuairisciú do na Gardaí – leis an acht seo tá ceanglas ann a leithéid a thuairisciú agus níl aon eisceachtaí ann. Déileálfar le haon eachtra dá leithéid de réir an Beartas um Chaomhnú Leanaí.

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaite ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbheithnithe:	24/07/2019

- I measc na reachtaíochta eile, d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh
 - Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, [1998](#) go 2015
 - An tAcht um Stádas Comhionann, [2000](#) agus [2012](#)
 - An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí [RGSC](#)
 - An tAcht um Boird Oideachais agus Oiliúna, [2013](#)
 - Achtanna na gCuideachtaí [1963 - 2001](#)
 - Reachtaíocht um Shaoirse Fianaise [2014](#)
 - An tAcht um Chartlann Náisiúnta [1986](#)

 - Bunreacht na hÉireann (An ceart intuigthe ar phríobháideachas pearsanta faoi Airteagal 40.3.1)
 - An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (Airteagal 8)
 - Conradh Liospóin (Airteagal 16)
 - An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (Airteagal 8)
 - Na Rialacháin um ríomh-Phríomháideachas 2011 (I.R. 336 de 2011)

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaite ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbheithnithe:	24/07/2019

AGUISÍN C Foirm Iarratais le hAghaidh Fón Póca d'Úsáideoir Gnó

Iarratas chuig: **Bainisteoir Acmhainní Daonna**

Ó: _____ Dáta: _____

Ball Foirne

Ba mhaith liom iarratas a dhéanamh ar Fhón Póca Gnó **Nua** **Uasghrádú**

<i>Cur síos gairid ar do dhualgais /ról:</i>	
<i>Na cúiseanna a gceapann tú go bhfuil an méid thuas de dhíth ort chun do ról a chomhlíonadh:</i>	

Bainisteoir Líne: _____
Dáta: _____

-----**D'ÚSÁID NA CEANNOIFIGE AMHÁIN**-----

Ar bhonn an iarratais thuas agus an athbhreithnithe ar an ról agus ar na dualgais, measaimid (*cuir tic san áit chuí*)

Go bhfuil iarratas an fhostaí tuillte Nach bhfuil iarratas an fhostaí tuillte.

Ceann na Seirbhísí Eagraíochtúla

Bainisteoir Acmhainní Daonna

Dáta: _____

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaite ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbhreithnithe:	24/07/2019

AGUISÍN D Glacadh le Plean Gnó i ndáil le Fón Póca (le Sás Láimhe)

Le mo shíniú thíos, admhaím go bhfuair me an trealamh seo a leanas i ndea-riocht oibre. Chomh maith leis sin, léirím le mo shíniú thíos gur léigh mé agus go dtuigim Beartas BOOÁCDL maidir le hAimsiú agus Úsáid Inghlactha Fón Póca agus aontaím le coinníollacha bheartais sin.

Sonraí faoin Sás Láimhe:

Cineál : _____

Leagan:

Uimhir IMEI:

Uimhir Fóin Phóca:

Ainm Clóite Úsáideoir an Fhóin

Síniú

Post/Teideal

Suíomh na Scoile/an Ionaid:

Dáta

Soláthraí Fóin Póca

Thar ceann Three Ireland, deimhním go bhfuil na sonraí thuas ceart.

_____ Síniú

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaite ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbheithnithe:	24/07/2019

AGUISÍN E Glacadh le Plean Gnó i ndáil le Fón Póca (gan Sás Láimhe)

Léirím le mo shíniú thíos gur léigh mé agus go dtuigim Beartas Plean Gnó BOOÁCDL maidir le Fón Póca agus aontaím le coinníollacha an bheartais sin.

Uimhir Fóin Phóca:

Ainm Clóite Úsáideoir an Fhóin

Síniú

Post/Teideal

Suíomh na Scoile/an Ionaid:

Dáta

Soláthraí Fóin Póca

Thar ceann Three Ireland, deimhním go bhfuil na sonraí thuas ceart.

Síniú

Uimhir an Bheartais/ an Doiciméid:	PL/016	Leagan Uimh.:	V1.5 Samhain 2017
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le héifeacht ón:	26/07/2018
Ceadaithe/Luaite ag an mBord	Eanáir 2019	Dáta Athbhreithnithe:	24/07/2019